**Office of An Coimisinéir Teanga**

Report under subsection 26(5) of the Official Languages Act 2003

to the Houses of the Oireachtas

on

the implementation of the recommendations of an investigation conducted under subsection 21(f) of the Official Languages Act 2003

Department of Education and Skills

**May 2015**

**CONTENTS**


**CHAPTER 1** – Background

**CHAPTER 2** – Summary of the Investigation

**CHAPTER 3** – The Investigative Process

**CHAPTER 4** – The Next Step

**APPENDIX A** – Investigative Report

**APPENDIX B** – Correspondence between Oifig an Choimisinéara Teanga and the Department of Education and Skills regarding the implementation of the recommendations made in the Investigative Report

## CHAPTER 1 – Background

In accordance with subsection 26(5) of the Official Languages Act 2003, I am permitted, as Coimisinéir Teanga, to lay a report before both Houses of the Oireachtas if I am of the opinion that a public body did not implement any part of the recommendations contained in a report on an investigation I had undertaken.

This report concerns an investigation made by my Office on the Department of Education and Skills which was completed in December 2013. This investigation related to the appointment of a teacher to a Gaeltacht national school. The report on the investigation is provided as **APPENDIX A** to this report.

After a reasonable period of time has passed and having completed the appropriate enquiries, I have reached the conclusion that the Department of Education and Skills has failed to satisfactorily implement the recommendations made by the investigation.

As Coimisinéir Teanga, I am charged with taking all necessary measures under the powers granted to me to ensure that public bodies comply with the provisions of the Official Languages Act 2003. I also have the authority to conduct an investigation to determine if a public body has complied with the provisions of any other enactment relating to the status or use of an official language.

In any case where an investigative report is issued, it is emphasised that any party to the investigation, or any other person affected by the findings and recommendations of the investigation, may appeal the matter to the High Court on a point of law. No such appeal was made in respect of either of the investigations which are the subject of this report.

After a reasonable period of time has passed, it is common practice for my Office to review the manner in which public bodies have implemented the recommendations which arose from any investigation. Throughout this process, an opportunity is granted to the public body to give an account of the manner in which the recommendations were implemented.

In the period between October 2014 and March 2015, my Office conducted an audit on the implementation of the recommendations made in the investigative report by the Department of Education and Skills. During that process it came to light that the Department, despite taking certain steps, had not satisfactorily implemented the recommendations made in the investigative report. It is on that basis that this report is being laid before both Houses of the Oireachtas.

## CHAPTER 2 – Summary of the Investigation

An official compliant was made to my Office in October 2013 when the Department of Educations and Skills refused permission to Scoil Náisiúnta na Rinne in the Waterford Gaeltacht to appoint a teacher with fluency in Irish to the permanent staff of the school and were required to appoint a person from the redeployment panel. This requirement was stipulated despite no one on the panel believing that their ability or competence in the Irish language was such to allow them to operate effectively in a Gaeltacht school where the subjects are taught through Irish. It was confirmed to us on behalf of the school that they had written confirmation from the teachers on the panel that they did not have sufficient Irish for the position concerned.

In correspondence between the Department of Education and Skills and the school they were informed of the requirement to appoint someone from the panel and told: "Teacher qualifications, including those relating to Irish, are designed to equip teachers to teach in all publicly funded schools".

It was alleged that the requirement being placed on the school could be in contravention of the statutory language obligations confirmed in sections 6(i) (j) and (k) of the Education Act 1998 insofar as it related to the objective of the Act to support Irish as the primary language of the community in Gaeltacht areas and / or section 7(2)(d) of the same Act in relation to the provision of support services through Irish to recognised schools that teach through Irish.

The former Commissioner, Seán Ó Cuirreáin, decided to conduct a statutory investigation to come to an opinion as to whether or not the Department were in breach of its statutory language obligations in this instance.

The investigation was launched on 9 October 2013 in accordance with the procedures set out in the Official Languages Act for such investigations. A reply was received from the Department in a letter dated 31 October 2013.

It was apparent from the Department's response that they did not accept that the redeployment system was in breach of the relevant provisions in the Education Act. In the findings and recommendations made by the former Commissioner he required that the Department would implement a system of redeployment that would be in compliance with the statutory language obligations set out in the Education Act 1998. In other words that a Gaeltacht school would not be required to accept a teacher from the redeployment panel if their competence in the language was not sufficient to allow them to teach in such a school. It was also recommended that the implications of the findings and recommendations for other schools that teach through the medium of Irish be examined.

## CHAPTER 3 – The Audit Process

Once a reasonable period of time has passed from the date on which an investigative report has been issued, my Office examines the manner in which the public body has implemented the recommendations made by the investigation. During this process, the public body is afforded the opportunity to provide an official response as regards the steps it has taken to date to implement the investigation's recommendations.

This Office wrote to the Department of Education and Skills in October 2014 requesting details as to how the recommendations made in the investigative report were being implemented. That communication was responded to in November 2014 and is provided as **APPENDIX B** to this report.

In the response provided to my Office it was apparent, despite what was said by the Department of Education and Skills, that the substantive recommendations made in the investigative report were not satisfactorily implemented. The Department claimed that the redeployment process being operated was in accordance with the provisions of the Education Act 1998.

The Department placed particular emphasis on the system in place whereby teachers could tick a box to indicate their interest in teaching in a school that operates through Irish. The Department informed us that a Panel Officer, where one was appointed, could take into account the preference indicated by the teacher when facilitating the redeployment process. However, it was apparent to me that this facilitation process did not adequately address the statutory obligations set out in the Education Act 1998 and that were the subject of the investigation. That much was confirmed to me in the statement made by the Department of Education and Skills that "*every teacher on the redeployment panel could receive an offer for appointment from a school teaching through the medium of Irish irrespective of whether or not they had placed a tick in the box*". It was apparent to me that this process can only have a limited impact and it does not offer a certainty that a Gaeltacht school would not be required to accept a teacher from the redeployment panel even if their competence in Irish was insufficient.

I cannot accept this approach or any other approach that would still allow for the risk that other schools would be placed in exactly the same position as Scoil Náisiúnta na Rinne. The Department of Education and Skills have made the case that the arrangements in place reduce the likelihood that such a case would arise again – however I cannot as Coimisinéir Teanga accept any diminishing or reduction of the findings and recommendations made as part of a statutory investigation. The system of "tick box" was found to be unacceptable during the investigation process and therefore I could not accept it after the process was concluded.

My Office informed the Department of that much in January 2015 and a meeting was organised in March to explain the Office's position to the Department. The Department did not provide any additional information to support their position during that meeting.

As is the case with any investigative report that is issued, any party to the investigation or any other person affected by the findings or recommendation has a right of appeal to the High Court on a point of law. The Department of Education and Skills did not avail of that right but also chose not to implement certain statutory recommendations that I had made.

## CHAPTER 4 – The Next Step

As Coimisinéir Teanga, it is my responsibility to take all necessary measures within my sphere of authority to ensure that public bodies comply with the provisions of the Official Languages Act. This is achieved by monitoring public bodies, providing advice to the public regarding their rights under the Act, and providing advice to public bodies regarding their obligations under the Act.

When it appears to me that public bodies may be neglecting their obligations under the Official Languages Act or under other enactments relating to the status or use of Irish, I have the authority to initiate an investigation on the matter.

The report issued by me at the conclusion of an investigation contains both findings and recommendations. The public body in question is obliged to implement those recommendations within a reasonable period of time, or within a specific period of time as may be set out in the recommendations. Any party to an investigation under the Act or any other person affected by my findings and recommendations following such an investigation has the right to make an appeal to the High Court on a point of law.

No such appeal was undertaken in the case of the investigation that is the subject of this report.

Once a reasonable period of time had passed from the issuing of the investigative report, my Office examined the measures undertaken by the Department of Education and Skills to implement the various recommendations. During this process, the public body was afforded the opportunity to respond in respect of the implementation of those recommendations. A copy of that response is attached as an appendix to this report.

After reviewing the case in its entirety, I believe that the recommendations made in the investigative report have not been appropriately implemented by the Department of Education and Skills and I cannot, under the powers granted to me, undertake any additional measures to impress upon them to do so.

It is on that basis that I lay this report before both Houses of the Oireachtas.

It falls to the Houses of the Oireachtas to take whatever additional measures they deem appropriate.

# APPENDIX A

# Tuarascáil faoi alt 26 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
# ar

**Imscrúdú faoi fho-alt 21(f) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**IM-005H**

## Ábhar an Imscrúdaithe

An amhlaidh go bhfuil nó nach bhfuil na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhfo-ailt 6 (i)(j) agus (k), agus/nó fo-alt7(2)(d) den Acht Oideachais 1998 - ar fhorálacha iad a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúil – á gcomhlíonadh go cuí i dtaca le láimhseáil na Roinne Oideachais agus Scileanna ar chás a bhaineann le ceadú ceapachán múinteora do scoil náisiúnta Gaeltachta ainmnithe?

CLÁR


CAIBIDIL 1 – Cúlra Lch 3

CAIBIDIL 2 – Freagraí na Roinne Oideachais agus Scileanna Lch 6

CAIBIDIL 3 – Osradharc ar an Imscrúdú Lch 14

CAIBIDIL 4 – Fionnachtana agus Moltaí Lch 23

CAIBIDIL 5 – Achomhairc chuig an Ard-Chúirt Lch 25

CAIBIDIL 6 – Tuairimí á Lorg Lch 26

AGUISÍN A

AGUISÍN B

AGUISÍN C

## CAIBIDIL 1

### Cúlra

Rinneadh gearán foirmiúil le m'Oifig i mí Dheireadh Fómhair gur dhiúltaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna cead do Scoil Náisiúnta na Rinne i nGaeltacht Phort Láirge a chinntiú gur múinteoir le líofacht Ghaeilge a cheapfaí ar fhoireann buan na scoile agus gur ceanglaíodh ar an scoil duine a roghnú ón 'phainéal breise', ainneoin nach raibh aon duine ar an bpainéal sin a chreid go raibh an cumas nó an inniúlacht sa Ghaeilge acu chun feidhmiú go héifeachtach i scoil Ghaeltachta ina múintear na hábhair trí Ghaeilge. Dúradh thar ceann na scoile sin linn go raibh sé dearbhaithe i scríbhinn dóibh ag na múinteoirí a bhí ar an bpainéal breise nár dóigh leo féin go mbeadh a dhóthain Gaeilge acu don phost.

I gcomhfhreagras ón Roinn Oideachais agus Scileanna a seoladh chun na scoile, tugadh le fios gur gá dóibh duine ón bpainéal a ceapadh agus dúradh: "Teacher qualifications, including those relating to Irish, are designed to equip teachers to teach in all publicly funded schools".

Líomhnaíodh go bhféadfadh an ceangal a bhí á chur ar an scoil a bheith ag teacht salach ar na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhfo-ailt 6 (i) (j) agus (k) den Acht Oideachais 1998 maidir le cuspóir an Achta cuidiú leis an nGaeilge a coinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Gaeltachta, agus/nó i bhfo-alt7 (2)(d) den Acht céanna maidir le seirbhísí taca trí Ghaeilge a sholáthar do scoileanna aitheanta a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil.

Déanann fo-alt 6 cur síos ar chuspóirí an Achta, agus is mar seo a leanas a fhoráiltear ina leith:

> *6.- Gach duine a mbeidh baint aige nó aici leis an Acht seo a chur i ngníomh, beidh aird aige nó aici ar na cuspóirí seo a leanas ar dá mbun a d'achtaigh an tOireachtas an tAcht seo:*
>
> *(i) cuidiú le réadú beartas agus cuspóirí náisiúnta i ndáil le leathadh an dátheangachais i sochaí na hÉireann agus go háirithe go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal;*
> *(j) cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Gaeltachta;*
> *(k) riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí;*

Cuireann fo-alt 7(2)(d) den Acht Oideachais 1998 an cúram seo a leanas ar an Aire Oideachais agus Scileanna:

> *"seirbhísí taca trí Ghaeilge a sholáthar do scoileanna aitheanta a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil agus d'aon scoil aitheanta eile a iarrann soláthar den sórt sin"*

agus tugtar sainmhíniú ar a bhfuil í gceist le 'seirbhísí taca' sa chás seo in alt 2 den Acht céanna. Is mar seo a leanas atá an fo-alt sin:

*"ciallaíonn "seirbhísí taca" na seirbhísí a chuireann an tAire ar fáil do mhic léinn nó dá dtuismitheoirí, do scoileanna nó do lárionaid oideachais de réir alt 7 agus folóidh sé aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:......*

> *(n) cibé seirbhísí eile a shonraítear leis an Acht seo nó is cuí leis an Aire".*

Shocraigh mé imscrúdú reachtúil a sheoladh chun teacht ar chinneadh an raibh nó nach raibh dualgais reachtúla teanga á shárú ag an Roinn sa chás seo.

Rinne mé an chinneadh sin mar go bhfuil sé leagtha mar dhualgas reachtúil orm i bhfo-alt 21(f) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 "*imscrúdú a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine, chun a fháil amach an amhlaidh nach raibh nó nach bhfuil aon fhoráil d'aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúla á comhlíonadh."*

Sheol mé an t-imscrúdú seo ar an 9 Deireadh Fómhair 2013 de réir an nóis imeachta atá leagtha amach chuige seo in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Theastaigh uaim de thoradh an imscrúdaithe teacht ar chinneadh an raibh nó nach raibh dualgas reachtúil teanga á sárú ag an Roinn sa mhéid a líomhnaíodh sa chás seo. Leagtar amach go reachtúil in ailt 23-29 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla an córas le himscrúduithe a sheoladh.

Ba é an nós imeachta a bheartaigh mé don chéad chéim den imscrúdú ná litir a sheoladh chuig an Aire Oideachais agus Scileanna ag lorg eolais ar leith, freagraí ar cheisteanna ar leith chomh maith le haon fhaisnéis, taifid nó rud den sórt sin a bhain le hábhar an imscrúdaithe.

D'iarr mé go gcuirfí an t-eolas cuí sin ar fáil faoin 31 Deireadh Fómhair 2013 agus thairg mé deis ar shoiléiriú ar aon ghné de riaradh an imscrúdaithe trí theagmháil le m'Oifig.

I litir dar dáta an 31 Deireadh Fómhair 2013, sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna cuntas i scríbhinn chugam, mar aon le cáipéisí tacaíochta, mar fhreagra ar na ceisteanna a bhí tarraingthe anuas san imscrúdú seo. Tá an comhfhreagras sin mar **AGUISÍN A** leis an tuarascáil seo. D'fhill mé ar an Roinn ag lorg roinnt soiléirithe ar cheisteanna éagsúla. Cuireadh an soiléiriú sin ar fáil dom i litir den 27 Samhain 2013. Tá an litir sin mar **AGUISÍN B** leis an tuarascáil seo.

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina sheolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid

an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

Cuireadh dréacht den tuarascáil seo (gan osradharc, fionnachtana ná moltaí) faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna le deis a thabhairt don Roinn sin a léiriú dom an raibh aon mhíchiall bainte agam as an eolas a bhí curtha ar fáil aici dom san imscrúdú. Tugadh aird chuí ar a bhí le rá ag an Roinn in ullmhú leagan críochnaitheach den tuarascáil agus rinneadh meá chúramach idir dearcadh na Roinne agus an forléiriú cuí ar fhoclaíocht na reachtaíochta.

**Comhoibriú**

Cuireadh an t-eolas, faisnéis agus eile ar fad a bhí iarrtha san imscrúdú ar fáil go críochnúil agus go gairmiúil dom.

Is mór agam an comhoibriú a thug An Roinn Oideachais agus Scileanna dom le linn an phróisis imscrúdaithe.

CAIBIDIL 2

**Freagra na Roinne Oideachais agus Scileanna**

I litir dar dáta 31 Deireadh Fómhair 2013, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna léargas cuimsitheach don imscrúdú ar sheasamh na Roinne sin i leith an ábhair. Tá an tuairisc sin ar fáil mar **AGUISÍN A** leis an tuarascáil seo.

Dhearbhaigh an Roinn nár ghlac sí leis go raibh sárú ar bith ann ar fhorálacha an Achta Oideachais 1998 (arna leasú) agus thug sí le fios gur dhírigh "*freagra na Roinne ar an imscrúdú seo ar na nithe seo a leanas:*

1. *Forálacha an Acht Oideachais, 1998 (arna leasú) lena n-áirítear iad siúd a dtagraíonn an Coimisinéir Teanga dóibh agus léirmhíniú iomlánaíoch ar an reachtaíocht.*
2. *Tá socruithe ath-imlonnaithe atá i gcomhréir leis an Acht Oideachais, 1998 (arna leasú) ina ndearbhphrionsabail lárnach de bheartas an Rialtais ina chuid iarrachtaí le párolla na seirbhíse poiblí a laghdú go dtí leibhéal inbhuanaithe agus, ina dhiaidh sin, tá socruithe ath-imlonnaithe éifeachtúla ríthábhachtach don chaoi ina mbainistíonn an Roinn laistigh dá buiséad agus ina bhfanann sí laistigh den teorainn atá leagtha síos ag an Rialtas ar líon na múinteoirí.*
3. *An t-eolas atá ar fáil maidir le líonadh an fholúntais mhúinteoireachta i Scoil Náisiúnta na Rinne.*
4. *Polasaithe an Aire atá ceaptha le tacú leis an nGaeilge agus le pobail na Gaeltachta faoi réir na gcuspóirí a dtagraítear dóibh."*

Leag an Roinn amach a freagra faoi gach ceann de na ceannteideal sin. Faoin gceannteideal An tAcht Oideachais 1998, bhí an méid seo le rá ag an Roinn:

> "*Baineann na hailt san Acht a dtagraíonn an Coimisinéir Teanga dóibh le cuid de chuspóirí an Achta atá leagtha amach in Alt 6, is iad sin leathadh an dátheangachais i sochaí na hÉireann, an Ghaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta, riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí agus seirbhísí taca trí Ghaeilge a sholáthar do scoileanna. Tagraíonn an Coimisinéir freisin d'fheidhm amháin de chuid an Aire in Alt 7."*

Thug an Roinn le fios gurbh é a tuairim é:

> *"nach féidir forálacha an Achta Oideachais, 1998 a dtagraíonn an Coimisinéir Teanga dóibh a mheas ina n-aonair scartha amach ó fhorálacha eile an Achta Oideachais, 1998. Baineann Alt 7(2)(d) le soláthar seirbhísí tacaíochta mar a leagtar amach in Alt 2 den Acht iad, murab ionann agus acmhainní teagaisc. Is í tuairim na Roinne nach bhfuil Alt 7(2)(d) ábhartha maidir leis an ábhar atá faoi imscrúdú. Tá leithdháileadh na n-acmhainní múinteoireachta á rialú ag Alt 24.*

*Tá iliomad cuspóirí ag an Acht agus níl rud ar bith sa reachtaíocht a thabharfadh le tuiscint go bhfuil aon ordlathas i measc na gcuspóirí seo nó go bhfuil ceannas ag ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí ar chinn eile agus gur chóir tosaíocht a thabhairt dóibh.*

*Leagann Alt 7 d'Acht 1998 amach feidhmeanna an Aire. Is trí fheidhmiú na bhfeidhmeanna seo agus forálacha eile an Achta a thugtar an chumhacht don Aire na cuspóirí a bhaint amach. Faoin alt seo tá cumhachta ag an Aire beartas náisiúnta a chinneadh, lena n-áirítear an bearta i leithe theagasc na Gaeilge nó trí mheán na Gaeilge sa chóras scolaíochta. Deir an t-alt seo go soiléir freisin, agus a chuid feidhmeanna á chur i gcrích aige, go mbeidh aird ag an Aire ar na hacmhainní atá ar fáil. Mar sin, níl cumhacht ag an Aire freastal ar gach aon agus gach uile éileamh a dhéanann duine nó scoil a d'fhéadfadh a bheith ag teacht le haon cheann de na cuspóirí ach ní mór idirghabháil a dhéanamh ar éilimh dá leithéid agus é sin a dhéanamh ar bhealach pleanáilte agus comhordaithe (Alt 7(1)(c)).*

Mhaígh an Roinn go ndéantar tagairt díreach don riachtanas go mbeadh aird ar na hacmhainní atá ar fáil in Alt 6(b) agus gur léir ón tagairt sin go ndéantar soláthar an méid is indéanta. Thug an Roinn le fios gur mheas sí go bhfuil sé "*iomlán réasúnta agus i gcomhréir leis an Acht Oideachais 1998 go bhfuil leithdháileadh na bpost múinteoireachta ar scoileanna ag brath ar chomhlíonadh na socruithe ath-imlonnaithe."*

Faoin gceannteideal '*Ath-imlonnú agus Nósanna imeachta chun múinteoirí a cheapadh do scoileanna"*, rinne an Roinn cur síos ar na nósanna imeachta seo, agus dúirt sí go dtagann siad laistigh de raon Ailt 24(3) den Acht Oideachais 1998. *"Cuireann an tAlt seo den Acht in iúl go soiléir go gcomhaontaítear na nósanna imeachta chun múinteoirí a cheapadh do scoileanna ó am go ham nósanna imeachta a bheidh comhaontaithe ó am go ham idir an tAire, an pátrún, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus aon cheardchumann aitheanta agus comhlachas foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí"* a dúirt an Roinn.

Dhearbhaigh an Roinn go mbaineann na socruithe ath-imlonnaithe a chomhaontaíodh go lárnach leis an 3,000 bunscoil uile agus nach bhfuil soláthar iontu do scoil aonair ar nós Scoil Náisiúnta na Rinne chun cur chuige difriúil a ghlacadh agus folúntas múinteoireachta á líonadh.

Thug an Roinn le fios go raibh leasú déanta ar nósanna imeachta Ailt 24(3) mar seo a leanas sa Acht Oideachais (Leasú), 2012, i bhfianaise na tábhachta criticiúla atá ag an ath-imlonnú:

*"(a) D'ainneoin fho-ailt (3) agus (11), aon mhúinteoir nó aon chomhalta eile foirne de chuid scoil aitheanta dá dtugtar nó dá dtabharfar luach saothair as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, féadfar é nó í a athimlonnú chuig scoil aitheanta eile de réir nósanna imeachta athimlonnaithe a*

*chinnfidh an tAire ó am go ham le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis dul i gcomhairle le comhlachtaí atá ionadaitheach do phátrúin, le heagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus le ceardchumainn agus comhlachais foirne aitheanta atá ionadaitheach do mhúinteoirí nó d'fhoireann eile de réir mar is cuí.*

*(b) Aon mhúinteoir nó aon chomhalta eile foirne a athimlonnófar de réir mhír (a), tiocfaidh sé nó sí, de réir nósanna imeachta athimlonnaithe a chinnfear faoin mír sin, chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí-*

*(i) de bhord na scoile aitheanta, nó*
*(ii) den choiste gairmoideachais a chothabhálann an scoil aitheanta, a n-athimlonnófar é nó í chuici.*

Shoiléirigh an Roinn go ndearnadh na leasú thuasluaite ar an reachtaíocht "*sa chaoi is go raibh sé soiléir do na comhpháirtithe oideachais cuí nach bhféadfaidís cros a bheith acu ar ath-imlonnú mhúinteora ach de bhrí nár aontaigh siad leis…D'ainneoin an athraithe seo ar fhoclaíocht, tá sé curtha in iúl go soiléir ag an Aire sa Dáil gur fearr leis, nuair is féidir, teacht ar chomhaontú trí chomhthoil ar nithe a bhaineann le hath-imlonnú.*

Dúirt an Roinn go raibh na socruithe ath-imlonnaithe mar gné den chóras bunscolaíochta le fada an lá agus thug sí le fios go raibh na socruithe mionsonraithe maidir leis an gcaoi ina bhfeidhmíonn an próiseas ath-imlonnaithe leagtha amach i bhformáid Cheisteanna Coitianta, ar soláthraíodh cóip dóibh don imscrúdú mar aon le hImlitreacha na Roinne 0013/2013 agus 0038/2012, cáipéisí ábhartha faoi shocruithe foirne i scoileanna don scoil bhliain 2013/2014 agus faoin bpainéal forlíontach (ar fad in **AGUISÍN A** leis an tuarascáil seo).

Dhearbhaigh an Roinn go ndearnadh thart ar 2,500 buanmhúinteoir a ath-imlonnú le cúig bliana anuas, a chruthaigh coigilteas de thart ar €150 milliúin in aghaidh na bliana. Tugadh le fios chomh maith gur ndearnadh breis agus 4,500 múinteoir ar théarma seasta a ath-imlonnú trí phróiseas na bpainéal forlíontacha.

Cé go gcuireann na socruithe ath-imlonnaithe srian ar chumas na scoileanna múinteoirí a roghnú agus a earcú, d'admhaigh an Roinn go bhfuil sé inmhianaithe sa mhéid agus is féidir a chinntiú go bhfuil an scoil agus an múinteoir sásta le toradh aon ath-imlonnaithe.

Thug an Roinn le fios go ndéanann sí caidreamh leis na comhpháirtithe oideachais tríd an phróiseas ath-imlonnaithe le cinntiú go bhfuil an próiseas ag feidhmiú go héifeachtúil agus go bhfuil socruithe á ndéanamh, ar bhonn phíolótach, de thoradh cruinnithe athbhreithnithe na bliana reatha, go dtabharfar deis do mhúinteoirí atá á gcur ar na príomhphainéil agus ar na painéil fhorlíontacha a thabhairt le fios an bhfuil suim ar leith acu a bheith ath-imlonnaithe i scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Dúirt an Roinn go raibh sé dearbhuithe ag Gaelscoileanna Teo. go raibh siad sásta leis an bhfoclaíocht atá a bheartú faoin mhír seo sna ceisteanna coitianta agus go bhfuil buíochas gafa acu leis an Roinn agus le comhpháirtithe oideachais eile as tacú leis an leasú seo ar na socruithe ath-imlonnaithe.

Rinne an Roinn athdhearbhú ar a seasamh "*nach nglacann sí go bhfuil a cuid dualgas faoin Acht Oideachais 1998 á sárú aici trí éileamh ar na scoileanna uile, lena n-áirítear Scoil Náisiúnta na Rinne, cloí leis na socruithe ath-imlonnaithe atá comhaontaithe go náisiúnta."*

Faoin tríú ceannteideal, *"Líonadh an fholúntais Mhúinteoireachta i Scoil Náisiúnta na Rinne"*, rinne an Roinn cur síos ar an bpróiseas a bhí le leanúint ag an scoil sin nuair a thuig sí go raibh post buanmhúinteoireachta cruthaithe sa scoil ó thús na scoilbhliana 2013/14, rud a bheadh le fios ag an scoil i bhfad sular foilsíodh an príomhphainéal ath-imlonnaithe in Aibreán na bliana 2013, dar leis an Roinn. Bhí an méid seo le rá ag an Roinn ar an ábhar:

> *"Níl sé soiléir ón gcomhfhreagras ón gCoimisinéir Teanga a mhéid agus a rinne an scoil caidreamh leis na painéal nuair a cuireadh ar fáil ar dtús iad do scoileanna le folúntais. Is ag na scoileanna a dhéanann caidreamh leis na painéil a luaithe agus a fhoilsítear iad a bhíonn an rogha is mó de mhúinteoirí ón bpainéal chun a bpost múinteoireachta a líonadh.*
>
> *Tagann críoch le líonadh na bhfolúntas ó na painéil bhreise gach bliain ar an gcéad lá oibre de mhí na Samhna. Is é an Luain 4 Samhain an dáta ábhartha sa bhliain 2013. Ina dhiaidh sin, ní féidir folúntas a líonadh ach ar bhunús théarma seasta d'fhuílleach na scoilbhliana 2013/2014. Tuigeann an Roinn go bhfuil sé de rún ag Scoil Náisiúnta na Rinne a post múinteoireachta a líonadh ar an mbealach seo agus go bhfuil tús curtha aici leis an socruithe fógraíochta dó sin.*
>
> *Nótáiltear ráiteas an Choimisinéara go raibh sé "dearbhaithe ag na múinteoirí uile atá ar an bpainéal nach bhfuil a dóthain Gaeilge acu teagasc i scoil Gaeltachta". Más rud é go ndearnadh ráitis dá leithéid, b'fhéidir go ndéanfaí cuid acu nó iad uile a aisghairm dá mba rud é gur thug na múinteoirí lena mbaineann aird ar na torthaí a bheadh ar mhaíomh dá leithéid i dtéarmaí a gcuid inniúlachta le cleachtadh in aon bhunscoil aitheanta agus a n-aitheantas leanúnach mar mhúinteoir."*

Chuir an Roinn cóip d'aon chomhfhreagras ábhartha, dar léi, a bhí ina seilbh ar fáil don imscrúdú agus rinne sí an pointe ghinearálta seo a leanas, gan a dhearbhú go ndeachaigh sé i bhfeidhm ar iompar na scoile nó na múinteoirí sa chás seo:

> *"Ní thaitníonn ath-imlonnú le scoileanna agus múinteoirí. Is é rogha na scoile ná múinteoir a roghnú d'fholúntas i ndiaidh agallaimh iomaígh. Is é rogha na múinteoirí ná fanacht i scoil a thaitníonn leo agus gan a bheith*

*díláraithe ar chor ar bith agus, má dhíláithrítear iad, go gcuirfear iad sa rogha scoil ba mhó ba mhaith leo obair inti. Uaireanta bíonn 'cluichíocht' ar an gcóras dá bharr."*

Mar chríoch, thug an Roinn an t-eolas seo a leanas faoi cheannteideal 4, "*Beartas Náisiúnta maidir le cáilíochtaí múinteoirí*":

> "*Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás reachtúil d'aitheantas ar cháilíochtaí do ghairm na múinteoireachta.*
>
> *Tá clárúchán mar mhúinteoir ag leibhéal na Bunscoile á rialú ag Alt 3(5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta , 2001 agus Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárúchán] 2009.*
>
> *Faoi na rialacháin seo, aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil bunmhúinteoirí cáilithe le teagasc i mbunscoil ar bith lena n-áirítear scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.*
>
> *Leanann na rialacháin ó pholasaí na nAirí i ndiaidh a chéile maidir leis an nGaeilge agus bunscoileanna áit a bhfuil an Gaeilge éigeantach i gcuraclam comhtháite. Dá bhrí sin, ní mór do na múinteoirí uile na caighdeáin atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta a shásamh, lena n-áirítear iad siúd a fuair oiliúint thar lear.*

Thug an Roinn le fios nár mheas sí go mbeadh sé *"iomchuí córas dhá leibhéal a thabhairt isteach ina ndéanfaí sainmhúinteoirí a earcú do scoileanna Gaeltachta. Gan amhras bheadh éileamh ann le sainmhúinteoirí a leathnú go dtí na scoileanna ar fad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá sé de chontúirt ar chur chuige mar sin go mbeadh drochthoradh nach raibh beartaithe an don Ghaeilge i mbunscoile i gcoitinne; d'fhéadfadh sé an tuairim a chothú nach mbeadh dea-inniúlacht sa Ghaeilge i measc múinteoirí de dhíth ach do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus, de réir a chéile, d'fheadfadh sé argóint a chothú nár chóir go mbeadh teagasc na Gaeilge de dhíth ach i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.*

Mar chríoch ar an mhír seo den fhreagra, dúirt an Roinn gur fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil "*tús curtha ag an Roinn le hathbhreithniú ar an soláthar oideachais sa Ghaeltacht d'fhonn a fháil amach conas is féidir an beartas is fearr maidir le soláthar oideachais sna limistéir seo a fhorbairt chun cuspóirí an Achta Oideachais, 1998 agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a bhaint amach."*

Mar fhocal scoir, thug an Roinn le fios go bhfuil na socruithe ath-imlonnaithe seo ríthábhachtach do chumas na Roinne bainistiú laistigh dá buiséad párolla agus den teorainn ar líon na múinteoirí, agus thugadar le fios nach féidir *"athruithe ar bith a dhéanamh ar na socruithe ath-imlonnaithe ach faoi réir fhorálacha Alt 24(3) den Acht Oideachais arna leasú ag an Acht Oideachais (Leasú) 2012."* Léirigh an Roinn an tuairim nach féidir *"forálacha an Achta Oideachais, 1998, a dtagraíonn an Coimisinéir Teanga dóibh a mheas ina n-aonair scartha ó*

*fhorálacha eile an Achta Oideachais, 1998 a rialaíonn na socruithe foirne i scoileanna lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hath-imlonnú."*

Bhí roinnt ceisteanna a d'eascair as freagra seo na Roinne, agus cuireadh na ceisteanna seo faoi bhráid na Roinne i litir den 11 Samhain 2013. Cuireadh freagra ar fáil ar na ceisteanna sin i litir den 27 Samhain 2013. Tá cóip den litir sin mar **AGUISÍN B** leis an tuarascáil seo.

Mar fhreagra ar cheist ón imscrúdú faoin aird a tugadh ar an gcuspóir ag fo-alt 6(j) den Acht 'cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Gaeltachta agus nósanna ath-imlonnaithe á gceapadh ag an Aire tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí cuí, bhí an méid seo le rá ag an Roinn:

> "*Tá se tábhachtach le nótáil go bhfuil na socruithe ath-imlonnaithe ina dtréith de chóras an bhunoideachais le fada an lá. Tuigtear don Roinn gur tugadh na painéil ath-imlonnaithe deoise isteach ar dtús sa bhliain 1937 nó mar sin faoi chomhaontú idir na hEaspaig Chaitliceacha agus Cumann Múinteoirí Éireann. Níl cóip den chomhaontú seo ag an Roinn. Tá glactha ag an Aire gurb iad na socruithe ath-imlonnaithe a eascraíonn as an gcomhaontú seo is bunús leis na socruithe ath-imlonnaithe do mhúinteoirí le cois ag an mbunleibhéal – is é an rogha a bheadh air sin ná múinteoirí dá leithéid a dhéanamh iomarcach. Cuimsíodh na socruithe seo i comhaontaithe um chaidreamh oibreachais lena n-áirítear comhaontuithe náisiúnta áirithe – is é Comhaontú Bhóthar Haddington an ceann is déanaí díobh seo. Tagann siad freisin laistigh de raon Ailt 24 den Acht Oideachais 1998 (arna leasú) toisc go bhfuil siad mar chuid de théarmaí agus coinníollacha mhúinteoirí.*

Thug an Roinn le fios go raibh na socruithe seo mar bhunús leis an bpainéal ath-imlonnaithe deoise do Dheoise Phort Láirge agus Lios Mór faoina bhfeidhmíonn an scoil ainmnithe, agus dá bhrí sin go raibh na socruithe ath-imlonnaithe seo i bhfeidhm i bhfad roimh achtú an Acht Oideachais 1998. Dúirt an Roinn nár mheas sí "*go raibh sé ar intinn ag an Oireachtas, agus Acht Oideachais 1998 á achtú aige, go mbeadh athruithe á gcur i bhfeidhm ag an Acht go huathoibríoch ar na socruithe ath-imlonnaithe a aontaíodh ar dtús ag eascairt as forálacha fho-ailt 6(j) den Acht nó go deimhin foráil ar bith eile den Acht"* agus thug sí le fios gur mheas sí go raibh sé *"iomlán réasúnta agus i gcomhréir leis an Acht Oideachais 1998 go bhfuil leathdháileadh na bpost múinteoireachta ar scoileanna ag brath ar chomhlíonadh an socruithe ath-imlonnaithe."*

Maidir leis an socrú nua go mbeadh 'tic' curtha sa mbosca acu siúd go bhfuil suim ar leith acu a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, dúirt an Roinn gurb í feidhm an ticbhosca seo ná *"cuidiú leis an bpróiseas ath-imlonnaithe, atá á stiúradh ag na scoileanna, do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Beidh sé níos fusa dá bharr do na scoileanna seo (Gaelscoileanna agus scoileanna sa Ghaeltacht) múinteoirí a aithint agus*

*teagmháil a dhéanamh leo a bhfuil suim ar leith acu a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge."*

Maíodh chomh maith go n-éascódh an ticbhosca an phróiseas don Oifigeach Painéil agus é nó í ag déanamh meaits cuí idir mhúinteoir le cois agus scoil.

Maidir le feidhm nó easpa feidhme Ghaelscoileanna Teoranta i dtaca le scoileanna Gaeltachta thug an Roinn le fios don imscrúdú go mbeadh an ticbhosca dar tagraíodh *"chun tairbhe na scoileanna uile a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (Gaelscoileanna agus scoileanna sa Ghaeltacht)"* agus tugadh le fios go ndearnadh comhairliúcháin leis an CPSMA agus leis an bhForas Pátrúnachta araon faoin dtionscnaimh píolótach seo agus go dtacaíonn siad leis.

I gcomhthéacs ceist ón imscrúdú ar diúltaíodh nó ar aimsíodh comhréiteach eile do socruithe ath-imlonnaithe i gcás go raibh an scoil, an múinteoir nó an péire acu míshásta nó amhrasach faoin socrú, rinne an Roinn athrá ar a bhí ráite cheana i dtaca le thábhacht na socruithe do chumas na Roinne bainistiú laistigh dá buiséad párolla agus go bhfuil sé iomlán réasúnta agus i gcomhréir leis an Acht Oideachais 1998.

Thug an Roinn le fios go dtugann an tréimhse ama don phróiseas deis do scoileanna na múinteoirí is oiriúnaí ar an bpainéal ath-imlonnaithe a aithint agus dúirt:

> "*Má cheaptar Oifigeach Painéil chun cuidiú le hath-imlonnaithe na múinteoirí atá fágtha ar phainéal ansin, mar a luaitear thuas, tá lán-rogha ag an Oifigeach Painéil sa scéal seo sa chaoi is go n-éascófar, sa mhéid agus is féidir, meaits oiriúnach idir mhúinteoir le cois agus scoil. Má chinneann an tOifigeach Painéil go bhfuil cúiseanna bailí gan an múinteoir a ath-imlonnú chuig an scoil is cóngaraí ansin tosaíonn an próiseas thuas leis an dara scoil is cóngaraí srl. go dtí go bhfuil an scoil aitheanta ag an Oifigeach Painéil d'ath-imlonnú an mhúinteora. Maidir leis seo, is féidir liom a dheimhniú go raibh roinnt cásanna le blianta beaga anuas inar chinn an tOifigeach Painéil, agus machnamh déanta aige/aici ar na tosca ábhartha ar fad, gan múinteoir ar leith a shannadh do scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.*

Ceistíodh an Roinn faoin gcleachtas i dtaca le h-ath-imlonnú múinteoirí ar chúinsí seachas cúrsaí teanga, .i. creideamh nó eile. Mar fhreagra, thug an Roinn le fios go ndéantar tromlach mór an ath-imlonnaithe laistigh de gach painéal. Sa bhreis ar sin, bhí an méid seo le rá ag an Roinn:

> "*Mar sin féin, tá soláthar sna socruithe ath-imlonnaithe do sholúbthacht idir na painéil d'fhonn a chinntiú go mbaintear amach ath-imlonnú na múinteoirí ar na painéil <u>uile</u>…*

*…Mura bhfuil folúntas ar bith ann laistigh de limistéir painéil chun buanmhúinteoir le cois a ath-imlonnú ansin cuirtear an seicheamh seo a leanas i bhfeidhm chun a (h)ath-imlonnú a bhaint amach:*

- *Ath-imlonnú chuig scoil den phátrúnacht chéanna i ndeoise chóngarach (úsáideadh an rogha seo ar roinnt ócáidí).*
- *Más rud é nach bhfuil folúntas i ndeoise chóngarach, scrúdófar an cás cé acu an bhfuil solúbthacht ar bith ann i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 maidir leis an bhfad 45km d'ath-imlonnú a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm go hiomchuí mar bhealach chun an buanmhúinteoir le cois a ath-imlonnú chuig scoil den chineál céanna pátrúnachta (úsáideadh an rogha seo ar roinnt ócáidí).*
- *Mura bhfuil na roghanna thuas indéanta scrúdófar an scóip le hath-imlonnú an bhuamhúinteora le cois a baint amach ar bhonn roghnach tríd an múinteoir ag déanamh iarratais le bheith curtha ar phainéal de chineál éagsúil pátrúnachta. Is faoin bpátrún ábhartha a bheidh se glacadh leis an iarratas seo (úsáideach an rogha seo ar roinnt ócáidí).*
- *Mura bhfuil rogha ar bith indéanta eile ann ansin déanfar sannachán sealadach chuig folúntas i scoil de chineál éagsúil pátrúnachta. Mairfidh an sannachán sealadach seo ar feadh na scoilbhliana ábhartha. Beidh ar mhúinteoirí dá leithéid cloí le riachtanais an Boird Bhainistíochta maidir lena dhualgas éiteas an scoile a cosaint, i gcomhréir leis an dlí. Úsáideadh an rogha seo ar roinnt bheag ócáidí. Séard a bhí i gceist anseo ná roinnt bheag de bhuanmhúinteoirí le cois á n-ath-imlonnú ó Scoileanna Le Chéile (Educate Together) chuig Scoileanna Caitliceacha agus chuig Scoileanna Eaglais na hÉireann agus ó Scoileanna Eaglais na hÉireann chuig Scoileanna Caitliceacha.*

*Ní mór do sheirbhísí phoiblí, lena n-áirítear bunmhúinteoirí, cloí leis na socruithe ath-imlonnaithe d'fhonn fanacht faoi chosaint Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus Chomhaontú Bhóthar Haddington maidir le tuarastal agus tionacht fostaíochta."*

Mar chonclúid, thug an Roinn le fios go bhfuil na socruithe ath-imlonnaithe "*ina dtréith de chóras an bhunoideachais le fada an lá. Feidhmíonn siad ar bhealach atá cothrom agus réasúnta i gcomhréir le forálacha an Achta Oideachais, 1998"* a dúirt an Roinn.

## CAIBIDIL 3

### Osradharc ar an Imscrúdú

Níl na bunfhíricí sa chás seo in amhras; bhí folúntas do mhúinteoir le líonadh i Scoil Náisiúnta na Rinne i nGaeltacht Phort Láirge agus faoi réir na gcleachtas reatha ba ó chóras painéil de mhúinteoirí breise a ba ghá an ceapachán a dhéanamh.

Ón bpointe sin ar aghaidh tagann coimhlint sa scéal. Maíonn údarás na scoile gur dheimhnigh na múinteoirí éagsúla a bhí ar fáil ó chóras na bpainéal dóibh nach mbeidís oiriúnach le múineadh i scoil Ghaeltachta ina raibh an teagasc á dhéanamh trí Ghaeilge mar nach mbeidís líofa a dhóthain sa teanga sin. Os a choinne sin ba é seasamh na Roinne Oideachais agus Scileanna go raibh gach bunmhúinteoir cáilithe oiriúnach le múineadh in aon scoil sa tír a bhí maoinithe go poiblí. Dúirt an Roinn an méid seo leis an scoil - "*Teacher qualifications, including those relating to Irish, are designed to equip teachers to teach in all publicly funded schools"* agus níos deirnigh leis an imscrúdú seo ag tagairt don Chomhairle Mhúinteoireachta - "*Faoi na rialacháin seo, aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil bunmhúinteoirí cáilithe le teagasc i mbunscoil ar bith lena n-áirítear scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge".*

Tá cóipeanna den chomhfhreagras idir údaráis na scoile agus na múinteoirí ón bpainéal cuí feicthe agus scrúdaithe ag an imscrúdú seo. Is leor na ráitis samplacha seo a thabhairt mar léargas ar an dearcadh a bhí ag na múinteoirí féin ar a gcumas le múineadh i scoil Ghaeltachta ina ndéantar an teagasc trí Ghaeilge:

> "*Go raibh míle maith agat i gcomhair do chuireadh a fuair me inné. I thank you for your e-mail and I have given the matter great consideration. With respect to you, your principal and your pupils, I feel that my standard of Irish would not reach the requirement needed for a Gaeltacht school and Gaeltacht life in general. As a result I feel that it would be better for me not to attend on Friday for your informal discussion about this position"*
>
> *"Míle Buíochas don ríomhphost. Brón orm don mhoill ach bhí mé ar saoire don deireadh seachtaine. Táim ar fáil le haghaidh agaillaimh. Chun an fhírinne a rá, táim beagáinín buartha faoi toisc gur Gaelscoil sibh agus go bhfuil cainteoirí dúchasacha ag freastal an scoil."*
>
> *"Is oth liom a rá nach dóigh liom go mbeadh mé oiriúnach dod phost i scoil Ghaeltachta. Ní dóigh liom go bhfuil mo chuid Gaelainne ar caighdeán sách ard don shaghas sin scoil."*
>
> *"Tá brón orm, ach bhí me ag smaoineamh maidir leis an cruinniú, agus níl go leor Gaeilge agam chun a bheith ag obair sa Gaeltacht. Ta brón orm*

*arís, agus go raibh maith agaibh. Táim buíochas gur thug sibh an seans chun buaileadh libh."*
*"Táim buíoch díot as an gcuireadh le buaileadh leat mar gheall ar an bpost i S.N. na Rinne. Cé go bhfuil caighdeán réasúnta Ghaeilge agam is trua liom nach mbéadh sé ard go leor do scoil Gaeltachta. Go raibh maith agat arís as a gcuireadh."*

*"Thank you very much for your e-mail yesterday, I was delighted to get it. I am also extremely grateful for the offer to meet for a chat with you. Unfortunately I don't think I would be the best person for the job and I'm sure there's someone on the panel with more experience in Gaelscoileanna and fluency with Irish than I have. Thank you for being so understanding of the pressure of the panel in your e-mail and I sincerely wish you all the best with finding someone soon."*

*"Thank you very much for you e-mail. Unfortunately, I don't think my Irish would be up to the standard required to teach in a Gaelscoil."*

*"Apologies for the delay in replying to your e-mail. I was away for a few days. I wouldn't have the standard of Irish required to teach in a gaelscoil and I am hoping to get a job in the city for family reasons."*

## Bunmhúinteoirí agus Cumas Gaeilge

Fad is a bhí an t-imscrúdú seo ar siúl sheol an tAire Oideachais agus Scileanna "*Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012*". Déileáiltear i gCaibidil 3 le múineadh agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna (lch. 51-53 de Thuarascáil an Phríomhchigire, atá mar **AGUISÍN C** leis an tuarascáil seo). Tuarascáil oifigiúil faoi shéala na Roinne féin í seo. Sa ráiteas a heisíodh i dteanna na tuarascála sin dúradh ; "*I measc na dtosc a luaigh an Príomhchigire, bhí an t-easnamh ar chlár cuimsitheach Gaeilge do bhunscoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla mar aon le hábhair imní maidir le cumas Gaeilge múinteoirí i líon beag, ach suntasach, ranganna."*

Dúradh sa tuarascáil féin faoi mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna ar lch. 51:
"*I gcaitheamh na mblianta 2010-2012, thuairiscigh na cigirí go raibh deacrachtaí ag baint le cáilíocht an teagaisc don Ghaeilge sa chúigiú cuid de na ceachtanna a ndearnadh iniúchadh orthu le linn cigireachtaí teagmhasacha agus go raibh deacrachtaí ag baint le cáilíocht fhoghlama na teanga ag daltaí i thart ar an ceathrú cuid (24%) de na ceachtanna sin."*

Ar leathanach 59 den tuarascáil céanna deirtear:
*"I líon mór scoileanna Gaeltachta, tuairiscíodh gur minic ceachtanna Gaeilge á múineadh go dátheangach le Béarla in uachtar sa chumarsáid i measc na ndaltaí. Chuir sé seo bac ar chumas daltaí dúshlán a chur rompu féin smaoineamh go cognaíoch sa spriocthteanga."*

Dúirt an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an imscrúdú seo go raibh clárúchán mar mhúinteoir ag leibhéal na Bunscoile á rialú ag Alt 3(5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárúchán] 2009. Dúirt an Roinn: "*Faoi na rialacháin seo, aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil bunmhúinteoirí cáilithe le teagasc i mbunscoil ar bith lena n-áirítear scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.*

Is é firinne an scéil nach ndéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta aon iniúchadh nó meastóireacht ar leith ar chumas múinteoirí múineadh i scoil Ghaeltachta seachas aon scoil eile. Cláraíonn an Chomhairle múinteoirí atá cáilithe go cuí de réir critéir oideachasúla ach níl aon rud i rialacháin na comhairle a dheimhneoinn cumas nó easpa cumais múinteora le múineadh trí Ghaeilge i scoil Ghaeltachta seachas in aon scoil eile. Cláraítear múinteoirí ar thaifead na Comhairle ach ní thugann seo barántas nó breithiúnas maidir lena gcumas feidhmiú trí Ghaeilge.

Ní hionann ar chor ar bith an cumas a theastaíonn leis an Ghaeilge a mhúineadh mar chuid de churaclam na bunscoile agus an cumas a theastódh le gach ábhar de chuid na bunscoile a theagasc trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Lasmuigh de chomhthéacs an ranga tá dualgais ar bhunmhúinteoirí maidir le cumarsáid le tuismitheoirí agus caomhnóirí, príomhoide agus foireann uile na scoile, bord bainistíochta agus geallsealbhóirí cuí eile.

San achoimre ar "*Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*" (2004) a d'fhoilsigh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta – comhairle oifigiúil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna féin atá bunaithe faoin Acht Oideachais 1998 - deirtear go bhfuil an chosúlacht ar an scéal "*gur fearr atá ag éirí leis an gcóras oideachais sa Ghaeltacht úsáid an Bhéarla a chothú i measc cainteoirí dúchais Gaeilge ná mar atá ag éirí leis úsáid na Gaeilge a chothú i measc cainteoirí Béarla*" (lch.15).

Léirítear géarchéim san oideachas Ghaeltachta ar leathanach 17 den tuarascáil sin: "*Tá, mar a tuairiscítear thuas, roinnt mhaith scoileanna tar éis géilleadh do na deacrachtaí seo cheana féin agus iompú go huile agus go hiomlán ar an mBéarla mar mheán teagaisc agus riaracháin. Tá roinnt scoileanna eile atá idir dhá cheann na meá i láthair na huaire. Fiú i measc na scoileanna atá suite sna ceantair is láidre Ghaeltachta is léir gurb é a ndúshlán ag an bpointe seo oideachas Gaeltachta den scoth a sholáthar go héifeachtach trí mheán na Gaeilge mar ba mhian leo. Mura dtiocfaidh athrú ar na cúinsí faoina bhfuil na scoileanna seo ag feidhmiú go luath agus murar féidir a dheimhniú go mbeidh na seirbhísí tacaíochta atá de dhíth orthu ar fáil dóibh trí mheán na Gaeilge ar bhealach éifeachtach, is deacair a shamhlú go mbeidh mórán scoileanna bunleibhéil ná dara leibhéal ag teagasc trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht faoi cheann fiche bliain eile.*"

Moltar sa tuarascáil céanna in alt 4.1.5 ar oiliúint mhúinteoirí: *"Moltar go bhféachfar arís ar na córais atá ann le múinteoirí a oiliúint don bhunleibhéal*

*agus don daraleibhéal agus go ndéanfar socruithe ar leith le sruth leanúnach múinteoirí a chur ar fáil a bhfuil a gcuid oideachais tríú leibhéal i ngach ábhar faighte acu trí mheán na Gaeilge agus i dtimpeallacht lánGhaeilge; agus go bhfuil soláthar déanta ina gcuid oideachais do na réimsí saineolais ar leith atá de dhíth le múineadh go héifeachtach i scoileanna Gaeltachta."*
Thagair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ina bhfreagra chuig an imscrúdú don tuairim a nocht na múinteoirí uile a bhí ar an bpainéal sa chás seo nach raibh a dóthain Gaeilge acu teagasc i scoil Gaeltachta. Dúirt an Roinn: *"Más rud é go ndearnadh ráitis dá leithéid, b'fhéidir go ndéanfaí cuid acu nó iad uile a aisghairm dá mba rud é gur thug na múinteoirí lena mbaineann aird ar na torthaí a bheadh ar mhaíomh dá leithéid i dtéarmaí a gcuid inniúlachta le cleachtadh in aon bhunscoil aitheanta agus a n-aitheantas leanúnach mar mhúinteoir.*" Ba thrua dá mbainfí de bhrí as an ráiteas sin gur bagairt dá seasamh mar mhúinteoir a bheadh ann do dhuine a rá go hionraic agus go macánta nach raibh a dhóthain Gaeilge acu le múineadh trí Ghaeilge i scoil Ghaeltachta. Ach seans nach raibh sin i gceist in abairt seo na Roinne. Dearg amaidí é a mhaíomh go bhféadfadh duine múineadh trí Ghaeilge i scoil Ghaeltachta mura bhfuil líofacht mhaith i nGaeilge acu. Agus is léir don saol mór nach bhfuil líofacht mhaith i nGaeilge ag <u>gach</u> bunmhúinteoir cláraithe sa tír.

Faighim mar chinneadh fíorais é san imscrúdú seo nach bhfuil gach múinteoir bunscoile atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta incháilithe le múineadh trí Ghaeilge i scoil Ghaeltachta agus nach bhféadfaidís a bheith cáilithe chuige sin gan líofacht mhaith i nGaeilge a bheith acu.

**Cuspóirí**

Tá cuspóirí soiléire leagtha sios san Acht Oideachais, 1998 agus "*gach duine a mbeidh baint aige nó aici leis an Acht seo a chur i ngníomh, beidh aird aige nó aici ar na cuspóirí seo"*. I measc na gcuspóirí sin, tá cuidiú le réadú beartas agus cuspóirí náisiúnta i ndáil le leathadh an dátheangachais i sochaí na hÉireann agus go háirithe go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal; cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta; agus riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí.

Dúirt an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an imscrúdú seo nach féidir na cuspóirí seo a mheas ina n-aonair scartha amach ó fhorálacha eile an Achta Oideachais, 1998, go bhfuil iliomad cuspóirí ag an Acht agus nach bhfuil rud ar bith sa reachtaíocht a thabharfadh le tuiscint go bhfuil aon ordlathas i measc na gcuspóirí seo nó go bhfuil ceannas ag ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí ar chinn eile agus gur chóir tosaíocht a thabhairt dóibh.

Tá an ceart ar fad ag an Roinn sa léirmhíniú sin agus is léir dá thoradh sin nach féidir aon chuspóir ar leith a imeallú nó a fhágáil ar leataobh. Níl na cuspóirí seo i gcoimhlint lena chéile agus ní gá go mbeadh ordlathas i gceist leo. Is gá do "*gach duine*" a mbeidh baint aige nó aici leis an Acht Oideachais a chur i

ngníomh géilleadh do na cuspóirí sin. Tugtar san áireamh, *inter alia,* ansin, an Roinn Oideachais agus Scileanna, na múinteoirí, na scoileanna, na boird bainistíochta, na ceardchumainn , na tuismitheoirí, na patrúin agus eile. Conas is féidir géilleadh do na cuspóirí i dtaca le cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta agus riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí má éilítear ar mhúinteoirí gan líofacht mhaith i nGaeilge a chur i mbun oibre i scoil Ghaeltachta in aghaidh tola an mhúinteora agus údaráis na scoile? Tá freagra simplí ar an gceist sin: ní féidir.

**Acmhainní**

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna tagairt d'acmhainní agus den dualgas atá ar an Aire faoin Acht Oideachais aird a bheith aige ar na hacmhainní atá ar fáil agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna. Dúradh nach raibh cumhacht ag an Aire freastal ar gach aon agus gach uile éileamh a dhéanann duine nó scoil a d'fhéadfadh a bheith ag teacht le haon cheann de na cuspóirí ach nach mór idirghabháil a dhéanamh ar éilimh dá leithéid agus é sin a dhéanamh ar bhealach pleanáilte agus comhordaithe faoi réir na ndualgas i bhfo-alt Alt 7(1)(c)den Acht Oideachais.

Mhaígh an Roinn go ndéantar tagairt díreach don riachtanas go mbeadh aird ar na hacmhainní atá ar fáil in Alt 6(b) agus gur léir ón tagairt sin go ndéantar soláthar an méid is indéanta. Thug an Roinn le fios gur mheas sí go bhfuil sé "*iomlán réasúnta agus i gcomhréir leis an Acht Oideachais 1998 go bhfuil leithdháileadh na bpost múinteoireachta ar scoileanna ag brath ar chomhlíonadh na socruithe ath-imlonnaithe."* Dúirt an Roinn go ndearnadh thart ar 7,000 múinteoir (idir bhuan agus ar théarmaí seasta) a ath-imlonnú le blianta anuas agus go raibh coigilteas de thart ar €150 milliúin in aghaidh na bliana dá bharr sin.

Tuigtear don imscrúdú nach bhfuil mórán le cois 130 bunscoil Ghaeltachta sa tír – c.4% de scoileanna na tíre ina iomláine. Ní thiocfadh ceist ath-imlonnú foirne chun cinn ach i gcás fíor-bheagán de na scoileanna sin. Agus i gcás cuid de na cásanna sin ní bheadh impleachtaí teanga i gceist sa mhéid is gur múinteoirí le Gaeilge a bheadh le hath-imlonnú chuig scoileanna Gaeltachta. Céatadán beag de chéatadán beag a bheadh i gceist, mar sin, agus níl aon fhianaise ag an imscrúdú nó aon chúis le creidiúint go gcuirfeadh seo oiread ceangal ar acmhainní na Roinne gur gá cuspóir shonrach de chuid an Acht Oideachais a shárú.

Is fiú a nótáil má tharla 7,000 ath-imlonnú múinteoirí le roinnt bhlianta anuas gurbh é seo an chéad uair go dtáinig an ceist faoi líofacht mhaith i nGaeilge do scoil Ghaeltachta chun cinn – léiriú suntasach ar laghad na n-acmhainní a thagann i gceist.

Níl aon argóint déanta ag an Roinn – agus ní dóigh liom go bhféadfaí argóint a dhéanamh – go mbeadh cinneadh múinteoir gan líofacht mhaith i nGaeilge a

ath-imlonnú in aghaidh a dtola agus in aghaidh toil údaráis na scoile chuig scoil Ghaeltachta ag teacht leis na cuspóirí teanga san Acht Oideachais maidir le cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta agus riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí.

**Comhaontaithe maidir le hath-imlonnú**
Daingnítear go reachtúil na socraithe maidir le hath-imlonnú múinteoirí de bhun agus de bhua Ailt 24(3) den Acht Oideachais 1998 arna leasú ag an Acht Oideachais (Leasú), 2012. Deimhnítear na nósanna imeachta chun múinteoirí a cheapadh do scoileanna ó am go ham agus na cleachtais maidir le hath-imlonnú foirne a bheidh comhaontaithe ó am go ham idir an tAire, an pátrún, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus aon cheardchumann aitheanta agus comhlachas foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí.

Feictear don imscrúdú seo nach féidir comhaontú den chineál sin a bheith ann beag beann ar na cuspóirí teanga in Alt 6 den Acht mar go gceanglaítear ar gach duine a mbeidh baint aige nó aici leis an Acht a chur i ngníomh aird a bheith acu ar na cuspóirí éagsúla, na cuspóirí teanga sa áireamh.

Má tá coimhlint idir na nósanna imeachta maidir le hath-imlonnú foirne agus cuspóirí teanga na reachtaíochta is iad na nósanna imeachta is gá a leasú, dar leis an imscrúdú seo.

Is léir go mbíonn 'cruinnithe athbhreithnithe' rialta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus comhpháirtithe oideachais leis an phróiseas ath-imlonnaithe a dhaingniú nó a leasú agus tagraítear i bhfreagra na Roinne chuig an imscrúdú do 'chruinnithe athbhreithnithe na bliana reatha'. Maítear, áfach go bhfuil an comhaontú maidir le hath-imlonnú múinteoirí bunaithe ar shean-socrú a théann siar go dtí 1937.

Mar fhreagra ar cheist ón imscrúdú faoin aird a tugadh ar an gcuspóir ag fo-alt 6(j) den Acht '*cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Gaeltachta agus nósanna ath-imlonnaithe á gceapadh ag an Aire tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí cuí'* dúradh go raibh na socruithe ath-imlonnaithe i bhfeidhm i bhfad roimh achtú an Acht Oideachais 1998. Dúirt an Roinn nár mheas sí "*go raibh sé ar intinn ag an Oireachtas, agus Acht Oideachais 1998 á achtú aige, go mbeadh athruithe á gcur i bhfeidhm ag an Acht go huathoibríoch ar na socruithe ath-imlonnaithe a aontaíodh ar dtús ag eascairt as forálacha fho-ailt 6(j) den Acht nó go deimhin foráil ar bith eile den Acht".*

Ach déantar na córais seo a athbhreithniú go rialta agus féach go ndearnadh leasú i dtaca le cúrsaí teanga ag cruinnithe athbhreithnithe na bliana reatha leis an socrú nua go mbeadh 'tic' curtha sa mbosca acu siúd go bhfuil suim ar leith acu a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Cé gur léir go n-éascódh an ticbhosca an próiseas is cosúil nach bhfacthas gur géilleadh a bhí ann nach bhféadfaí múinteoir gan líofacht mhaith i nGaeilge ath-imlonnú chuig scoil a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Dúradh gur aontaigh Gaelscoileanna Teo leis an socrú seo ach ní fheidhmíonn an eagraíocht sin thar cheann scoileanna Gaeltachta – fiú dá mba feabhas bheag a bhí ann ar an stádas go dtí sin, is léir nach réiteach ar an gceist é nuair a deir an Roinn Oideachas agus Scileanna nach gcuireann an leasú seo cosc orthu i dtaca le himlonnú múinteora sna cúinsí atá i gceist anseo. Ar aon nós, b'ait liom go nglacfadh aon scoil atá ag teagasc trí Ghaeilge le múinteoir gan líofacht mhaith sa teanga sin.

Ag freagairt ceiste ón imscrúdú ar diúltaíodh nó ar aimsíodh comhréiteach eile do socruithe ath-imlonnaithe i gcás go raibh an scoil, an múinteoir nó an péire acu míshásta nó amhrasach faoin cumas teanga a bhí i gceist, dheimhnigh an Roinn go "*raibh roinnt cásanna le blianta beaga anuas inar chinn an tOifigeach Painéil, agus machnamh déanta aige/aici ar na tosca ábhartha ar fad, gan múinteoir ar leith a shannadh do scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge*".

Agus d'admhaigh an Roinn go ndéantar eisceachtaí freisin d'ath-imlonnú i gcásanna ar leith agus is léiriú iad na samplaí seo a leanas ar chórais a úsáideadh ar ócáidí ar leith le blianta beaga anuas:

- Ath-imlonnú chuig scoil den phátrúnacht chéanna i ndeoise chóngarach
- Ath-imlonnú chuig scoil den chineál céanna pátrúnachta lasmuigh den teorainn 45km atá luaite i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014.
- Ath-imlonnú ar bhonn roghnach tríd an múinteoir ag déanamh iarratais le bheith curtha ar phainéal de chineál éagsúil pátrúnachta.
- Sannachán sealadach chuig folúntas i scoil de chineál éagsúil pátrúnachta ar feadh na scoilbhliana ábhartha. [Bheadh ar mhúinteoirí dá leithéid cloí le riachtanais an Boird Bhainistíochta maidir lena dhualgas éiteas an scoile a cosaint, i gcomhréir leis an dlí. Tharla ath-imlonnú ó Scoileanna Le Chéile (Educate Together) chuig Scoileanna Caitliceacha agus chuig Scoileanna Eaglais na hÉireann agus ó Scoileanna Eaglais na hÉireann chuig Scoileanna Caitliceacha ar an mbealach sin].

Níl ach breithiúnas amháin gur féidir a dhéanamh ar an léargas seo - go gceadaítear eisceachtaí nuair atá cúis mhaith leis. Agus is léir gur cúis mhaith é an dualgas cloí le cuspóirí an Achta Oideachais agus a chinntiú go mbeadh líofacht mhaith i dteanga na scoile ag aon mhúinteoir. Ach ní chreidim gur ar bhonn eisceacht is ceart déileáil leis an ábhar seo.

I ndeireadh an lae nárbh bhocht an scéal é go mbeadh múinteoir ceaptha do scoil Ghaeltachta a bhí ag múineadh trí Ghaeilge agus go raibh cumas níos fearr sa

teanga sin ag daltaí na scoile ná ag an múinteoir féin? Ní chreidim go seasadh aon Roinn Oideachais le socrú den chineál sin.

**"Iomchuí"**

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna cás leis an imscrúdú nach mbeadh sé "iomchuí" córas dhá leibhéal a thabhairt isteach ina ndéanfaí sainmhúinteoirí a earcú do scoileanna Gaeltachta. Dúirt an Roinn: "*Gan amhras bheadh éileamh ann le sainmhúinteoirí a leathnú go dtí na scoileanna ar fad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá sé de chontúirt ar chur chuige mar sin go mbeadh drochthoradh nach raibh beartaithe an don Ghaeilge i mbunscoile i gcoitinne; d'fhéadfadh sé an tuairim a chothú nach mbeadh dea-inniúlacht sa Ghaeilge i measc múinteoirí de dhíth ach do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus, de réir a chéile, d'fheadfadh sé argóint a chothú nár chóir go mbeadh teagasc na Gaeilge de dhíth ach i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge."* Ní chreideann an fhoireann imscrúdaithe go bhfuil bunús dá laghad leis an argóint sin agus bheadh lán mhuinín acu as ard-chumas na Roinne argóint chomh neafaiseach leis sin a bhréagnú go cuimsitheach agus go foirfe.

Fáiltíonn an imscrúdú roimh dheimhniú na Roinne go bhfuil "*tús curtha ag an Roinn le hathbhreithniú ar an soláthar oideachais sa Ghaeltacht d'fhonn a fháil amach conas is féidir an beartas is fearr maidir le soláthar oideachais sna limistéir seo a fhorbairt chun cuspóirí an Achta Oideachais, 1998 agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a bhaint amach."*

Idir an dá linn, tá na forálacha reachtúla teanga san Acht Oideachais ann mar threoir ó Thithe an Oireachtais sa réimse seo.

**Socrú sealadach**

I gcás Scoil Náisiúnta na Rinne thriall na húdaráis iarracht ghníomhach a dhéanamh múinteoir oiriúnach le Gaeilge a fháil don scoil sin. Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna le fios go raibh réiteach sealadach ar chás na scoile sin sa mhéid is nár dearnadh ceapachán buan ón painéil bhreise roimh an chéad lá oibre de mhí na Samhna, rud a chiallaigh gurbh fhéidir an folúntas a líonadh ar bhunús théarma seasta d'fhuílleach na scoilbhliana 2013/2014. Réiteach sealadach é ach ní dhéileálann sé go cuí le croí na ceiste.

**Cluichíocht**

Rinne an Roinn an pointe ghinearálta gan a dhearbhú go ndeachaigh sé i bhfeidhm ar iompar na scoile nó na múinteoirí sa chás seo nach dtaitníonn ath-imlonnú le scoileanna agus múinteoirí agus gurbh é rogha na múinteoirí ná fanacht i scoil a thaitníonn leo agus gan a bheith díláraithe ar chor ar bith. Uaireanta bíonn 'cluichíocht' ar an gcóras má dhíláithrítear iad in iarracht go gcuirfí iad sa rogha scoil ba mhó ba mhaith leo obair inti, dar leis an Roinn. Ní fhaca an t-imscrúdú aon fhianaise de chineál ar bith cluichíochta sa chás seo.

Go deimhin bheadh ard-mholadh ag an imscrúdú seo d'údarás na scoile agus na múinteoirí a bhí ar an bpainéal cuí a ghlac an seasamh ionraice, macánta nach chun leasa na scoile, na ndaltaí nó na Gaeltachta a bheadh sé múinteoir gan líofacht mhaith sa teanga a cheapadh i scoil Ghaeltachta ina múintear na hábhair trí Ghaeilge.

**Bord Bainistíochta**

Tá dualgas reachtúil eile a thagann i gceist anseo freisin – na feidhmeanna a leagtar in Alt 15 den Acht Oideachais ar bhord bainistíochta scoile, ina measc: "*déanfaidh sé spiorad sainiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún* ***cultúrtha,*** *oideachais, morálta, creidimh, sóisialta,* ***teangeolaíocha*** *agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phátrún as iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon Achta den Oireachtas nó aon ionstraime arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraime eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile…* 15(b) (aibhsiú déanta)

*…beidh aird aige ar phrionsabail agus ar riachtanais sochaí daonlathaí agus beidh urraim aige don éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún,* ***teangacha*** *agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí agus cothóidh sé urraim don éagsúlacht sin",* 15(e) (aibhsiú déanta).

Ba dheacair a chreidiúint go bhféadfadh Bord Bainistíochta i scoil Ghaeltachta a mhúineann na hábhair trí Ghaeilge na dualgais sin a chomhlíonadh go cuí fad is go mbeadh múinteoir nach raibh líofacht mhaith sa teanga á cheadú acu ar fhoireann na scoile. Go deimhin féin, d'fhéadfaí cás a dhéanamh go mbeadh Bord Bainistíochta – mar dhaoine a bhfuil baint acu leis an Acht Oideachais a chur i ngníomh, ceangailte le géilleadh do chuspóirí an Achta faoi alt 6 den Acht - ag sárú a ndualgais reachtúla féin mura n-éileoidís líofacht mhaith i nGaeilge do mhúinteoirí i scoil Ghaeltachta.

**Conclúid**

Tá todhchaí na Gaeltachta mar limistéir ina maireann an Ghaeilge mar theanga bheo an phobail go mór i gcontúirt de réir tuarascálacha oifigiúla éagsúla le blianta anuas. Mar a deirtear sa bhFocal Scoir san achoimre ar an tuarascáil faoi "*Staid Reatha na Gaeltachta*" (COGG, 2004) ar leathanach 23:
"*Tá todhchaí na Gaeltachta fite fuaite le todhchaí an chórais oideachais sa Ghaeltacht. Dá réir sin, mura bhfaightear réiteach go luath ar an gcruachás géarchéime ina bhfuil an córas oideachais Gaeltachta i láthair na huaire, tá todhchaí na Gaeltachta féin i mbaol."*

Fiú mura raibh dualgas reachtúil i gceist faoin Acht Oideachais múinteoirí le líofacht mhaith i nGaeilge a cheapadh nó a ath-imlonnú chuig scoileanna Gaeltachta ba léir fós gurbh é an rud ceart le déanamh é. Ach sa chás seo feictear don imscrúdú gurbh ionann an dlí agus an ceart agus go bhfuil an dualgas aird a thabhairt ar na cuspóirí ar dá mbun a d'achtaigh an tOireachtas

an tAcht Oideachais rí-shoiléir, san áireamh na cuspóirí teanga i bhfo-ailt (6)(i), 6(j) agus 6(k).

Is é cinneadh an imscrúdaithe seo gur sárú reachtúil é ar dhualgais teanga atá daingnithe sna fo-ailt sin – (6)(i), 6(j) agus 6(k)- den Acht Oideachais a bheadh ann múinteoir gan líofacht mhaith i nGaeilge a ath-imlonnú chuig scoil Ghaeltachta a cuireann teagasc ar fáil trí Ghaeilge.

CAIBIDIL 4

## Fionnachtana agus Moltaí

Tá dualgas ar an gCoimisinéir Teanga in aon chás ina seolfaidh sé imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán leis an gCoimisinéir, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadfaidh sé aon mholtaí is cuí leis ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

## Fionnachtana an Imscrúdaithe

Is iad seo a leanas fionnachtana an imscrúdaithe:

- Gur sárú é ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar na dualgais reachtúla i dtaca le haird a thabhairt ar na cuspóirí teanga atá daingnithe i bhfo-ailt 6(i), 6(j) agus 6(k) den Acht Oideachais 1998 - ar fhorálacha iad a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúil – trí iarracht a dhéanamh tabhairt ar scoil Ghaeltachta a fheidhmíonn trí Ghaeilge glacadh le hath-imlonnú múinteora nuair nach gcreideann údaráis na scoile sin nó an múinteoir atá i gceist go bhfuil oiread líofachta acu i nGaeilge lena gcuid oibre a dhéanamh go cuí trí mheán na teanga sin.
- Gur sárú é ar an dualgas aird a thabhairt ar na cuspóirí teanga i bhfo-ailt 6(i), 6(j) agus 6(k) den Acht Oideachais 1998 nuair nár cuireadh san áireamh go cuí iad agus comhaontaithe á ndéanamh nó á leasú leis na comhpháirtithe oideachais i dtaca le hath-imlonnú múinteoirí.

## Moltaí an Imscrúdaithe

1. Go gcinnteodh an Roinn Oideachais agus Scileanna nach gcuirfear aon cheangal ar Scoil Náisiúnta na Rinne i bPort Láirge glacadh le múinteoir ar leith ar a bhfoireann mura gcreideann an múinteoir agus údaráis na scoile go bhfuil oiread líofachta i nGaeilge ag an múinteoir sin le feidhmiú go héifeachtach i scoil ina ndéantar an teagasc trí Ghaeilge. Agus go gcinnteoidh an Roinn nach gcuirfear aon bhac ar an scoil múinteoir leis an cumas cuí i nGaeilge a fhostú le feidhmiú agus teagasc trí Ghaeilge.

2. Go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na comhpháirtithe oideachais athbhreithniú agus leasú cuí ar aon chomhaontú maidir le hath-imlonnú múinteoirí le cinntiú go ngéilleann na socraithe sin don dualgas reachtúil atá daingnithe ag Tithe an Oireachtais i dtaca le haird a thabhairt ar na cuspóirí teanga atá daingnithe i bhfo-ailt 6(i), 6(j) agus 6(k) den Acht Oideachais 1998.

3. Go leasófar na socraithe sin maidir le hath-imlonnú múinteoirí le cinntiú go ngéilleann siad don dualgas reachtúil aird a thabhairt ar na cuspóirí teanga thuasluaite a luaithe agus is féidir.

4. Idir an dá linn nach ndéanfaí aon iarracht múinteoir gan líofacht mhaith i nGaeilge – mar a dheimhníonn an múinteoir agus údarás na scoile é in aon chás - a bhrú ar scoil Ghaeltachta ina ndéantar an teagasc trí Ghaeilge.

5. Go scrúdóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na comhpháirtithe oideachais na himpleachtaí atá ag fionnachtana agus moltaí an imscrúdaithe seo do scoileanna eile – seachas scoileanna Gaeltachta – a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil agus go ngníomhóidís dá réir.

## CAIBIDIL 5

### Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin IR 14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Fo-alt 28(1)

*Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.*

Fo-alt 28(2)

*Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.*

Fo-alt 28(3)(a)

*I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.*

Fo-alt 28(3)(b)

*Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.*

Fo-alt 28(4)
*Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrófar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.*

## CAIBIDIL 6

### Tuairimí á Lorg

Faoi fho-alt 26(4) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, iarraim mar Choimisinéir Teanga ar an Roinn Oideachais agus Scileanna, más mian léi sin a dhéanamh, aon tuairimí a bheadh aici maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid laistigh de thréimhse 6 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa tuarascáil a bheith faighte ag an Roinn.

______________________
Seán Ó Cuirreáin
An Coimisinéir Teanga

Dáta: ___________________

# APPENDIX B

Oifig an Ard-Rúnaí
An Roinn Oideachais agus Scileanna

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Office of the Secretary General
Department of Education and Skills

Dualta O'Broin
Bainisteoir Géilliúntais:
An Coimisinéir Teanga
An Spidéal,
Co na Gaillimhe.

04/11/14

Tag: Imscrúdú IM-005H

3 Samhain 2014

Ref: S1411311

A Uasail O'Broin,

Tagraím don chomhfhreagras uait maidir leis an imscrúdú reachtúil a rinne An Coimisinéir Teanga agus an tuairisc ina thaobh a eisíodh ar 20 Nollaig 2013.

Beidh a fhios agat gur sholáthair an Roinn eolas a bhí mion agus cuimsitheach do d'oifig le linn an imscrúdaithe thuasluaite maidir leis an bpróiseas a bhaineann le leithdháileadh agus le hath-imlonnú múinteoirí. I dtaca leis seo, leag an Roinn síos an seasamh a bhí aici maidir leis na socruithe ath-imlonnaithe agus go bhfuil ath-imlonnú gach buanmhúinteora le cois fíorthábhachtach ó thaobh chumas na Roinne feidhmiú laistigh dá creat rialaithe fostaíochta maidir le líon múinteoirí agus laistigh dá buiséad párolla.

Tá freagra na Roinne ar gach ceann de na ceisteanna a d'ardaigh tú sa chomhfhreagras is déanaí uait leagtha amach san Aguisín atá ceangailte leis seo. Déanann an freagra seo cur síos ar an gcaoi ar fheidhmigh an próiseas ath-imlonnaithe múinteoirí maidir le Scoil Náisiúnta na Rinne sa scoilbhliain 2014/15. Déanann sé cur síos freisin ar an staid fhoriomlán i leith fheidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe maidir le scoileanna eile a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá an Roinn sásta go bhfuil an próiseas ath-imlonnaithe á fheidhmiú ar bhealach atá ag teacht le riachtanais an Achta Oideachais, 1998.

I dtaca leis seo, is fiú a thabhairt faoi deara gur thug na comhpháirtithe oideachais ar fad a d'fhreastail ar an gcruinniú athbhreithnithe bhliantúil maidir le feidhmiú na socruithe ath-imlonnaithe, lena n-áirítear iad siúd a bhí ag déanamh ionadaíochta ar son scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, aiseolas an-dearfach don Roinn faoi chomh maith agus a d'fheidhmigh an próiseas leithdháilte agus ath-imlonnaithe múinteoirí do scoilbhliain 2014/15. Mar thoradh ar na comhráití ag an gcruinniú seo, beidh bearta áirithe á gcur i gcrích ag an Roinn maidir leis an gcaoi a bhfeidhmeoidh an próiseas ath-imlonnaithe do scoilbhliain 2015/16. Tá breac-chuntas ar na bearta seo san Aguisín agus táthar ag súil go dtabharfaidh siad cuidiú breise do scoileanna, lena n-áirítear iad siúd a fheidhmíonn trí

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, Éire
Marlborough Street, Dublin 1 Ireland
+353-1-889 6400
+353-1-889 6798
secgen@education.gov.ie
www.education.ie

mheán na Gaeilge, chun a chinntiú go bhfeidhmíonn an próiseas ath-imlonnaithe ar bhealach éasca agus tráthúil.

Tá súil agam go gcuideoidh an litir seo agus an tAguisín atá ceangailte léi chun an cás a shoiléiriú duit. Má theastaíonn breis eolais uait, is é an duine ábhartha le dhul i dteagmháil leis ná an tUasal Hubert Loftus, Príomhoifigeach, An Rannóg um Leithdháileadh Múinteoirí agus Rialachas Scoileanna. Is é seo a leanas a sheoladh ríomhphoist Hubert_Loftus@education.gov.ie.

Is mise, le meas,

Seán Ó Foghlú

Seán Ó Foghlú
Ard-Rúnaí

## Aguisín:

Faoi mar a iarradh, tá freagra na Roinne ar gach ceann de na ceisteanna tugtha thíos:

1) **Ar ghlac an Roinn Oideachais agus Scileanna céimeanna nó bearta lena chinntiú nach raibh ar Scoil Náisiúnta na Rinne i bPort Láirge nó nach mbeidh uirthi glacadh le múinteoir faoi leith ar fhoireann na scoile mura gcreideann an múinteoir sin agus údaráis na scoile go bhfuil dóthain líofachta sa Ghaeilge ag an múinteoir sin chun feidhmiú go héifeachtach i scoil ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge?**

Is é an painéal ath-imlonnaithe ábhartha don scoil seo an painéal ath-imlonnaithe do dheoise chaitliceach Phort Láirge agus Leasa Móire.

Cuireadh ochtar buanmhúinteoirí le cois ar phríomhphainéal ath-imlonnaithe Phort Láirge/Leasa Móire don scoilbhliain 2014/15. Tháinig an painéal seo i bhfeidhm ar an Máirt 18 Márta 2014. Níor chuir aon duine de na múinteoirí seo tic sa bhosca ar an bhfoirm iarratais don phainéal chun a léiriú go raibh suim faoi leith acu a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Foráiltear sna socruithe ath-imlonnaithe go dtosaíonn an próiseas ath-imlonnaithe le próiseas scoiltreoraithe. Mar chuid den phróiseas sin, déanann scoileanna a bhfuil folúntais acu teagmháil le múinteoirí ar an bpainéal. Rinneadh gach duine den ochtar buanmhúinteoirí le cois a ath-imlonnú le linn an phróisis scoiltreoraithe seo.

Nuair a bhí an príomhphainéal ath-imlonnaithe glanta, tháinig an painéal forlíontach i bhfeidhm.

Bhí 53 múinteoir ar phainéal forlíontach ath-imlonnaithe Phort Láirge/Leasa Móire agus tháinig sé i bhfeidhm ar an Aoine 16 Bealtaine 2014. Chuir seisear de na múinteoirí seo tic sa bhosca ar an bhfoirm iarratais don phainéal chun a léiriú go raibh suim faoi leith acu a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Bhí folúntas buan amháin le líonadh ag Scoil Náisiúnta na Rinne do scoilbhliain 2014/15. Rinne an scoil teagmháil leis an seisear múinteoirí ar an bpainéal forlíontach a chuir tic sa bhosca do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Bhí post faighte ag triúr de na múinteoirí i nGaelscoileanna (beirt i scoil i bPort Láirge agus duine i nDún Garbhán) agus bhí post faighte ag triúr i ngnáthscoileanna (beirt i nDún Garbhán agus duine i gCoill Mhic Thomáisín) sa tréimhse ó 23 Bealtaine go 4 Meitheamh 2014.

Tá múinteoir amháin fanta ar an bpainéal forlíontach do dheoise Phort Láirge/Leasa Móire. Níor chuir an múinteoir seo tic sa bhosca chun a léiriú go raibh suim aici a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Rinne Scoil Náisiúnta na Rinne teagmháil leis an múinteoir seo maidir leis an bhfolúntas a bhí sa scoil, ainneoin nach raibh sé de dhualgas uirthi sin a dhéanamh faoi na socruithe ath-imlonnaithe mar go raibh an

múinteoir lasmuigh den raon 45km i gcomhair ath-imlonnaithe. Dheimhnigh an múinteoir don scoil nach raibh suim aici sa phost.

Tá cead tugtha do na scoileanna ar fad a bhfuil folúntais acu, Scoil Náisiúnta na Rinne ina measc, atá lasmuigh den achar riachtanach (45Km) ón múinteoir seo dul ar aghaidh le fógraíocht oscailte chun na folúntais atá fágtha acu a líonadh.

2) **Tabhair cuntas ar aon chéimeanna nó aon bhearta a ghlac an Roinn a chinnteoidh nach gcuirfear bac ar an scoil múinteoir a fhostú leis an leibhéal cuí ábaltachta sa Ghaeilge chun feidhmiú agus múineadh tri Ghaeilge? Chomh maith leis sin, ba chóir cuntas a thabhairt don Oifig seo ar na socruithe atá curtha i bhfeidhm do scoilbhliain 2014/15.**

Faoi na socruithe ath-imlonnaithe do scoilbhliain 2014/15 bhí sé socraithe ag an Roinn leis na comhpháirtithe oideachais ábhartha rogha a thabhairt do mhúinteoirí tic a chur i mbosca má bhí suim faoi leith acu múineadh i scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh don phainéal ath-imlonnaithe.

Rinneadh leasú ar na foirmeacha iarratais chun dul ar an bpríomhphainéal ath-imlonnaithe (do bhuanmhúinteoirí le cois) agus don phainéal forlíontach (do mhúinteoirí téarma seasta/ionaid/páirtaimseartha) do phróiseas na scoilbhliana 2014/15 chun an rogha seo a leanas a chur san áireamh.

*Cuir tic sa bhosca seo, le do thoil, má tá suim faoi leith agat a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.*

Rinneadh leasú ar na cáipéisí Ceisteanna Coitianta ar shuíomh idirlín na Roinne "Na Socruithe Ath-imlonnaithe ag Leibhéal na Bunscoile do Bhuanmhúinteoirí agus Múinteoirí CID le Cois" agus "Na Socruithe Ath-imlonnaithe do mhúinteoirí ar théarma seasta/sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha tríd an bPainéal Forlíontach" chun an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh maidir leis an éifeacht a bhainfeadh le múinteoir tic a chur sa bhosca chun a léiriú go raibh suim faoi leith aige/aici a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

***Sa chás go gcuireann múinteoir tic sa bhosca chun a léiriú go bhfuil suim faoi leith aige/aici a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, cén éifeacht a bhíonn leis?***

*Is é an cuspóir atá leis an ticbhosca seo cuidiú leis an bpróiseas ath-imlonnaithe scoiltreoraithe do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Sa chás go gceaptar Oifigeach Painéil chun ath-imlonnú múinteoirí ón bpainéal a éascú, is féidir leis an Oifigeach Painéil a thabhairt dá aire/haire pé acu ar chuir an múinteoir tic sa bhosca nó nár chuir. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire go mbaineann na socruithe ath-imlonnaithe don Phainéal Forlíontach atá leagtha síos sna Ceisteanna Coitianta eile sa cháipéis seo le gach scoil ar an mbealach céanna, scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ina measc. Go sonrach, is féidir le gach múinteoir ar phainéal ath-imlonnaithe tairiscintí ar cheapachán a fháil ó scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge, is cuma tic a bheith curtha nó gan a bheith curtha sa bhosca acu chun suim faoi leith a léiriú ina leithéid.*

Chuimsigh an treoir a eisíodh chuig Oifigigh Painéil a ceapadh do scoilbhliain 2014/15 sonraí teagmhála an mhúinteora agus pé acu ar léirigh sé/sí suim faoi leith a bheith ag obair i scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Bhí na roghanna a léirigh múinteoirí mar fhoinse úsáideach eolais d'Oifigigh Painéil nuair a bhí aon mhúinteoirí le cois a bhí fágtha á meaitseáil le folúntais i scoileanna eile. Ó tharla go raibh dóthain folúntas ar fáil don scoilbhliain 2014/15 chun ath-imlonnú iomlán a bhaint amach, ní raibh aon bhaint ag an bpróiseas meaitseála seo le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Tá an staid maidir le Scoil Náisiúnta na Rinne do scoilbhliain 2014/15 faoi mar atá léirithe ag Uimhir 1 thuas.

3) **Tabhair sonraí faoi aon athbhreithniú atá déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na comhpháirtithe oideachais ar aon chomhaontú maidir le hath-imlonnú múinteoirí chun a chinntiú go gcloíonn na socruithe seo leis an dualgas reachtúil atá deimhnithe ag Tithe an Oireachtais i ndáil le haird a thabhairt ar na cuspóirí a bhaineann le teanga atá deimhnithe i bhfo-alt 6(i), 6(j) agus 6(k) den Acht Oideachais 1998.**

(i) Tionóladh an cruinniú athbhreithnithe bliantúil maidir leis na socruithe ath-imlonnaithe leis na comhpháirtithe oideachais ar an Déardaoin 25 Meán Fómhair 2014. Thug siad siúd ar fad a d'fhreastail ar an gcruinniú athbhreithnithe bhliantúil, lena n-áirítear iad siúd a bhí ag déanamh ionadaíochta ar son scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, aiseolas an-dearfach don Roinn faoi chomh maith agus a d'fheidhmigh an próiseas leithdháilte agus ath-imlonnaithe múinteoirí do scoilbhliain 2014/15.

Tar éis an chomhairliúcháin ag an gcruinniú thug an Roinn faoi na bearta seo a leanas a chur i gcrích chun go bhféadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh do scoilbhliain 2015/16.

Mar bhreis ar na socruithe reatha, beidh sé de rogha ag scoileanna freisin **úsáid a bhaint as suíomh gréasáin** mar educationposts.ie mar bhealach chun teagmháil a dhéanamh leis an <u>bpainéal forlíontach ath-imlonnaithe.</u> Is féidir leis an scoil é seo a dhéanamh trí fheidhm a bhaint as an suíomh gréasáin chun cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí ar an bpainéal forlíontach ábhartha suim a léiriú i bpost buan atá le líonadh ón bpainéal forlíontach sin. Ceaptar go mbeidh an rogha seo an-úsáideach, go háirithe do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Mura léiríonn aon mhúinteoirí ar an bpainéal forlíontach ábhartha suim sa phost, is féidir leis an scoil dul ar aghaidh agus an folúntas buan atá aici a líonadh ar an ngnáthbhealach tríd an bhfógra poiblí caighdeánach.

(ii) Rinneadh próiseas an ticbhosca a luadh roimhe seo agus a tugadh isteach ar fhoirmeacha iarratais don phainéal do scoilbhliain 2014/15 a phlé le linn an athbhreithnithe agus cheap gach duine go raibh sé an-úsáideach agus leanfar ar aghaidh leis do scoilbhliain 2015/16. Déanfar é a bheachtú chun go mbeidh ar chumas múinteoirí a léiriú go sonrach nach bhfuil suim faoi leith acu a bheith ath-imlonnaithe chuig scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

4) **An ndearnadh leasú cuí ar na socruithe maidir le hath-imlonnú múinteoirí chun a chinntiú go gcomhlíonann siad an dualgas reachtúil aird a thabhairt ar na cuspóirí thuasluaite a**

**bhaineann le teanga mar thoradh ar an athbhreithniú sin? Sa chás go ndearna an Roinn aon leasú, ba chóir go dtabharfaí fógra faoin leasú don Oifig seo.**

Féach an freagra ar Cheist 3 thuas.

5) **An féidir leis an Roinn a dheimhniú nach ndearna an Roinn aon iarracht múinteoir nach raibh sách líofa sa Ghaeilge – deimhnithe ag an múinteoir agus ag údaráis na scoile – a bhrú ar scoil Ghaeltachta in ndéantar an teagasc trí Ghaeilge?**

Feidhmíonn na socruithe ath-imlonnaithe i dtús báire mar phróiseas scoiltreoraithe. Déantar aon bhuanmhúinteoirí atá fágtha ansin a ath-imlonnú le linn próisis atá treoraithe ag Oifigeach Painéil.

Tá rogha an ticbhosca sna socruithe ath-imlonnaithe ceaptha chun cuidiú leis an bpróiseas scoiltreoraithe do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Sa chás go gceaptar Oifigeach Painéil chun ath-imlonnú múinteoirí ón bpainéal a éascú, is féidir leis an Oifigeach a thabhairt dá aire/haire pé acu ar chuir an múinteoir tic sa bhosca nó nár chuir.

Is mian liom a dheimhniú go ndearnadh an t-ath-imlonnú a rinne Oifigigh Painéil don scoilbhliain 2014/15 sa chaoi nár sannadh aon mhúinteoirí chuig scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (bídís suite sa Ghaeltacht nó in aon áit eile).

6) **An ndearna an Roinn agus na comhpháirtithe oideachais scrúdú ar na himpleachtaí a bhaineann le cinntí agus moltaí an imscrúduithe seo do scoileanna eile a mhúineann trí mheán na Gaeilge – seachas scoileanna Gaeltachta – agus ar glacadh aon chéimeanna mar thoradh air sin?**

Faoi mar a léiríodh thuas, thug siad siúd ar fad a d'fhreastail ar an gcruinniú athbhreithnithe maidir leis na socruithe ath-imlonnaithe, lena n-áirítear iad siúd a bhí ag déanamh ionadaíochta ar son scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, aiseolas an-dearfach don Roinn faoi chomh maith agus a d'fheidhmigh an próiseas leithdháilte agus ath-imlonnaithe múinteoirí do scoilbhliain 2014/15.

Ceaptar go mbeidh na bearta a bhfuil breac-chuntas tugtha orthu ag Uimhir 3 thuas an-úsáideach, go háirithe do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, iad siúd atá lasmuigh de cheantair Ghaeltachta ina measc.